

SIAMSÁN SA MBAILE!

Pláinéid mhairmair a dhéanamh le huachtar bearrtha

Tá Siamsán sa mBaile bunaithe ar na téamaí atá faoi chaibidil ar Cúla4. Is é an spás téama na seachtaine seo.

Gníomhaíocht í seo don teaghlach. Iarrtar ar thuismitheoirí na hiarratais a sheoladh isteach. Ní bheifear ag glacadh le ríomhphoist ó dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Lean na céimeanna thíos chun péint álainn agus pláinéid le patrún mairmair a chruthú.

Nuair atá tú críochnaithe, is féidir pictiúr a sheoladh chuig eolas@tuismitheoiri.ie nó ar WhatsApp 087 2461685 / 00 353 87 2461685 más taobh amuigh de na 26 chontae atá tú.

Roghnófar buaiteoir ar an 11 Bealtaine, mar sin bíodh na freagraí againn roimh 5 i.n. an lá sin. Go n-éirí libh!

An duais: Deis ar dhearbhan do do rogha gnó Gaeltachta/Gaelach

Ábhair:

- Uachtar bearrtha (shaving cream)
 - Péint nó dathúchán bia (má tá an phéint ag éirí gann)
 - Gealra (roghnach)
 - Gliú
 - Cairtchlár nó páipéar cruath dubh agus bán
 - Spadal rubair
 - Cupáin, plátaí agus babhlaí de mhéideanna éagsúla agus traie don phéint agus don uachtar bearrtha
 - Soip, uirlisí plaisteacha nó cipíní fiacla chun an t-ábhar a mheascadh le chéile
 - Rialóir nó uirlis le himeall géar
 - Scuab phéinteála nó spúinse péinteála
1. Úsáid meascán de chupáin, plátaí agus babhlaí chun 3 chiorcal de mhéideanna éagsúla a ghearradh as páipéar bán nó cairtchlár.
 2. Cuir dóthain uachtair bearrtha isteach sa traie go gclúdaítear an t-íochtar. Úsáid an spadal rubair chun an t-uachtar a scaipeadh amach go cothrom agus é a dhéanamh chomh mín agus is féidir.
 3. Doirt cúpla braon péinte nó dathúcháin bia isteach sa traie ar bharr an uachtair bearrtha. Measc nó tarraing línte i ngach treo ag úsáid soip nó cipín fiacla chun an dath a mheascadh agus cruthanna éagsúla a dhéanamh. Cuirfidh sé seo go mór le patrún mairmair na bpláinéid a chruthú.
 4. Tóg ceann de na ciorcail atá gearrtha agat as páipéar agus brú síos é san uachtar bearrtha. Cuimil é go héadrom in aghaidh an uachtair bearrtha chun a dhéanamh cinnte go bhfanfaidh an t-uachtar bearrtha ar an bpáipéar.
 5. Tóg an ciorcal amach as an tráidire agus fág ar leataobh é go dtriomóidh sé beagán. Ansin, scríob an t-uachtar den pháipéar le rialóir go deas réidh chun an fuilleach a bhaint de agus chun go dtriomóidh an dath atá fágtha ar an bpáipéar. Fág é go dtriomóidh sé go hiomlán.
 6. Nuair a bheidh na ciorcail triomaithe, beidh do phláinéid réidh. Greamaigh iad le gliú den pháipéar dubh chun cuma an spáis a chruthú.
 7. Is féidir gealra órga a ghreamú den pháipéar dubh mar chúlra más mian leat – beidh cuma réaltaí beaga sa spéir orthu!

'TIOCFAIMID SLÁN'

Ainm an pháiste:

Aois:

Ainm an tuismitheora:

Seoladh baile:

Seoladh ríomhphoist:

Buaiteoirí na nduaiseanna: Foilseofar liosta na mbuaiteoirí i Nuachtlitir Thuismitheoirí na Gaeltachta gach Céadaoin agus ar na meáin shóisialta ina dhiaidh sin. Beidh ainm (gan sloinne) & aois an pháiste agus an ceantar arb as dóibh (ní bheidh an seoladh iomlán) á bhfoilsíú agus beidh teagmháil ríomhphoist á dhéanamh le tuismitheoirí le seoltaí srl a dheimhniú. D'fhéadfadh go bhfoilseofaí pictiúr nó ábhar ealaíne iarrthóirí faoin gcóras céanna seo freisin. Ní gá pictiúr nó taifead den bpáiste féin a bheith mar chuid den iarratas. Seolfar na duaiseanna amach sa phost nuair a bheidh deireadh leis na srianta pobail. Scríosfar na sonraí ar fad nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcomórtas.



Tuismitheoirí
na Gaeltachta

Tuairisc.ie



An Roinn Cultúir,
Oidhreacht agus Gaeltachta
Department of Culture,
Heritage and the Gaeltacht

Údarás na Gaeltachta